# ELeathanach 458

Dé Luain, an 19 Feabhra 2024

## BAFTA (British Academy Film Awards)



Bhí na BAFTAanna ar siúl aréir. Chuaigh go leor aisteoirí cáiliúla chuig an searmanas, mar shampla, Emma Stone, Cillian Murphy, Claire Foy, Paul Mescal agus Barry Keoghan.

D'éirigh go han-mhaith le muintir na hÉireann. Bhuaigh Cillian Murphy an duais don aisteoir fireann is fearr. Is é Cillian Murphy an príomhaisteoir sa scannán *Oppenheimer*.

Bhuaigh an scannán *Poor Things* cúig dhuais. Is é Element Pictures na léiritheoirí agus tá siad suite i mBaile Átha Cliath. Bhuaigh Emma Stone an duais don aisteoir baineann is fearr. Is í Emma Stone an príomhaisteoir sa scannán *Poor Things.*

Comhghairdeas le Cillian Murphy agus le *Element Pictures.* Muintir na hÉireann abú!

## Dancing with the Stars

Bhí an clár 'Dancing with the Stars' ar siúl ar RTÉ 1 aréir. Bíonn daoine cáiliúla ag damhsa le damhsóirí proifisiúnta. Tá ag éirí go maith leo ar fad!

Dhamhsaigh Eileen Dunne an Pasa Doble. Dhamhsaigh Rosanna Davison an Tango.

D'fhág Eileen Dunne agus a pairtnéir Robert Rowiński an clár aréir. Is í Eileen Dunne an ceathrú duine cáiliúil a d'fhág an clár. Bhí ar Eileen agus Robert damhsa i gcoinne Rosanna agus Stephen.

Bhí díomá ar Eileen, ach thaitin an clár go mór léi. Comhghairdeas, a Eileen! Cé a imeoidh ón gclár an tseachtain seo chugainn?




Tá Eileen Dunne, Robert Rowiński, Rosanna Davison agus Stephen Vincent sa ghriangraf seo.

## Lá na bPancóg



Bhí Lá na bPancóg nó Máirt na hInide againn an tseachtain seo caite. Titeann an lá seo i gcónaí roimh an gcéad lá den Charghas.

Taitníonn an lá go mór le daoine mar go mbíonn seans acu pancóga blasta a ithe sula dtosaíonn an Carghas ar Chéadaoin an Luaithrigh.

Is aoibhinn le daoine pancóga le him, siúcra, liomóid, sméara, uachtar, seacláid agus fiú le milseáin! Tá súil againn gur bhain sibh sult as na pancóga sibh féin i mbliana!

Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta